# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2013*

Marc Iomlán

# Speisialachas Gairmiúil – Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht

**Creidiúint**

(200 marc)

**Dé hAoine 7 Meitheamh**

**Tráthnóna 2.00 – 3.30**

## *Treoracha d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. Caithfidh iarrthóirí thabhairt faoi **CHEITHRE** cheist.
   Freagair ceist amháin as **gach** roinn de na ceithre roinn sa pháipéar.
   Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

| *Don Fheitheoir amháin* | *Don Scrúdaitheoir amháin* | |
|---|---|---|
| **Stampa an Ionaid** | 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| | 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe | |
| | 3. An Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| | 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. An Marc iomlán a bronnadh má tá bónas don Ghaeilge i gceist (3 móide 4) | |
| | Nóta: Caithfidh an marc ar líne 3 (nó líne 5 má bronnadh bónas don Ghaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Marc Iomlán** ar an ghreille **agus** ar éadan an fhreagarleabhair. | |

# *Roinn 1 –* Ag Ithe as Baile: Bealach an Mhearbhia

**(Tabhair faoi Cheist 1 nó faoi Cheist 2 sa roinn seo, tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** **Tá bácús ina lán caiféanna a thairgeann réimse leathan de mhuifíní (bocairí) agus de bhrioscaí úrdhéanta.**

*(a)* Liostaigh **ceithre** phríomh-chomhábhar de mhuifíní agus brioscaí. (4 mharc)

1. ______________________ 2. ______________________

3. ______________________ 4. ______________________

*(b)* Ainmnigh **trí** chineál éagsúla muifíní agus **trí** chineál éagsúla brioscaí atá ar fáil i gcaiféanna. (6 mharc)

| CINEÁLACHA MUIFÍNÍ | CINEÁLACHA BRIOSCAÍ |
|---|---|
| 1. | 1. |
| 2. | 2. |
| 3. | 3. |

*(c)* Tabhair breac-chuntas ar na treoirlínte ba chóir a leanúint agus muifíní agus brioscaí á dhéanamh agus á mbácáil. (16 mharc)

*(d)* Mínigh na téarmaí seo a leanas: (12 mharc)

Gníomhaí ardúcháin

Uachtarú

Baiscbhácáil

*(e)* Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le muifíní agus brioscaí a dhéanamh agus a bhácáil sa bhácús sa chaifé. (12 mharc)

Buntáistí

1.

2.

Míbhuntáistí

1.

2.

**2.** **Bhí feachtas Labhair Amach (*Speak Out*) ag safefood le déanaí a dearadh chun oiliúint a chur ar thomhaltóirí maidir le sláinteachas bia lasmuigh den teach agus chun iad a spreagadh le 'labhairt amach' mura bhfuil siad sásta le caighdeán an tsláinteachais bhia.**

*(a)* Tabhair breac-chuntas ar na treoirlínte ba chóir do dhaoine a láimhseálann bia a leanúint agus bia á stóráil, á chócaráil agus á riar acu le dea-chaighdeáin i sláinteachas bia a chinntiú. (12 mharc)

Á stóráil

Á chócaráil

Á riar

*(b)* Ainmnigh ceann **amháin** de na baictéir a bhíonn ina gcúis le nimhiú bia. (12 mharc)

Déan cur síos ar na coinníollacha atá riachtanach chun baictéir a fhás.

(c) Ainmnigh **dhá** ghrúpa de na daoine is níos atá i mbaol nimhiú bia agus tabhair **dhá** shiomptóm de nimhiú bia. (8 marc)

Grúpaí de na daoine is mó atá i mbaol:

1. ______________________ 2. ______________________

Siomptóim de nimhiú bia:

1. ______________________ 2. ______________________

(d) Déan cur síos ar an gcaoi inar chóir d'fhoireann in ionad mearbhia déileáil le gearán a dhéanann custaiméir maidir le sláinteachas bia. (12 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(e) Tabhair breac-chuntas ar ról na heagraíochta safefood. (6 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

# *Roinn 2* – Ag Ithe as Baile: Óstáin, Bialanna agus Institiúidí

**(Tabhair faoi Cheist 3 nó Cheist 4 sa roinn seo, tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

**3.** **Is sliocht é seo a leanas as an suíomh gréasáin atá ag Teach Lóistín Éireannach.**



## *Teach Lóistín na Darach*

Lonnaithe faoin tuath, is teach lóistín d'ardchaighdeán é seo a chuireann lóistín agus fáilte thraidisiúnta Éireannach ar fáil.
Féadfaidh na haíonna sult a bhaint as réimse leathan de bhricfeastaí Éireannacha agus Eorpacha freisin, tae beag agus rogha as biachlár dinnéir à la carte nó table d'hôte inár mbialann a bhain gradaim amach.

***Úinéirí*** *Sean & Mary White*
***Glaoigh orainn ar*** *+353 00314 7712*
***Ríomhphost:*** *www.oaklodge.ie*

Find us on Facebook



***Tairiscint Speisialta***
*Oíche amháin B&B agus dinnéar table d'hote pps €70*

B&B ★★★ Fáilte Ireland

WiFi Available in all rooms

*(a)* Luaigh fáthanna a roghnódh aíonna an teach lóistín seo. (18 marc)

*(b)* Mínigh na téarmaí seo a leanas atá in úsáid ar an suíomh gréasáin: (6 mharc)

Biachlár dinnéir Table d'hôte ______________________________

______________________________

pps. ______________________________

______________________________

*(c)* Déan cur síos ar an gcaoi ina bhfuil bricfeasta Éireannach éagsúil le bricfeasta Eorpach. (12 mharc)

______________________________

______________________________

Liostaigh **ceithre** earra bia a d'fhéadfá a chur isteach i **ngach** cineál bricfeasta díobh.

| **Earraí bia – Éireannach** | **Earraí bia – Eorpach** |
|---|---|
| 1. ______________ | 1. ______________ |
| 2. ______________ | 2. ______________ |
| 3. ______________ | 3. ______________ |
| 4. ______________ | 4. ______________ |

*(d)* Leag amach biachlár do thae beag. (14 mharc)



*Tae Beag*



**4.** **Tá forais institiúideacha áirithe ann a chuireann ceaintíní fóirdheontais ar fáil.**

*(a)* Ainmnigh **trí** fhoras institiúideacha a chuireann ceaintíní fóirdheontais ar fáil. (9 marc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

*(b)* Leag amach próifíl de cheaintín faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas. (20 marc)

Uaireanta oscailte ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Éagsúlacht an bhia ar an mbiachlár ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Na slite a mbíonn tairbhe le baint as ceaintíní ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Stíl na seirbhíse ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Feistis agus oiriúintí maisithe ______________________________

(c) Leag amach biachlár do lón **trí** chúrsa i gceaintín. (12 mharc)

Biachlár Lóin

(d) Déan cur síos ar na deiseanna oiliúna atá ann d'fhoireann ceaintín. (9 marc)

# *Roinn 3–* Fáilteachas sa Turasóireacht

**(Tabhair faoi Cheist 5 nó faoi Cheist 6 sa roinn seo, tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

**5.** **Mar chuid de *Thóstal Éireann 2013* tá *Féile Siúlóide* á heagrú trí na cnoic agus na coillte áitiúla ag grúpa pobail.**

*(a)* Dear clár fógraí leis an bhFéile Siúlóide a chur chun cinn agus a fhógairt. (8 marc)

*(b)* Déan cur síos ar na seirbhísí atá ag teastáil sa cheantar le riachtanais na rannpháirtithe a shásamh. (15 mharc)

*(c)* Tabhair breac-chuntas ar na treoracha, na moltaí agus an chomhairle ba chóir a thabhairt do na rannpháirtithe ionas go mbainfidh siad lántaitneamh as an bhféile agus as an timpeallacht áitiúil. (15 mharc)

*(d)* Déan cur síos ar an dea-thionchar agus an drochthionchar a bhíonn ag an turasóireacht ar cheantar. (12 mharc)

Dea-thionchar

Drochthionchar

**6.** **Baineann comhlucht busanna agus cóistí úsáid as bileoga eolais chun na turais lae a eagraíonn siad a fhógairt.**

## Turais Lae Easytours

### PRÍOMHPHOINTÍ AN TURAIS I GCONTAE AN CHLÁIR

Tosóidh an turas **i gContae an Chláir** le cuairt ar **Chaisleán Bhun Raite.** I 1425 a tógadh é agus rinneadh athchóiriú dílis air.

Stopfar **i gCreagán Eoghain** agus beidh deis ann foghlaim faoin ngnáthshaol in Éirinn le linn na ré réamhstairiúla agus na ré réamh-Chríostaí.

Stopann an turas ar bhóthair an chósta **i gCeann Boirne** agus arís ag **Aillte an Mhothair** atá 214 m ar airde agus 8 km ar fad

Stopfar in **Inis** agus beidh deis ann breathnú ar shráideanna meánaoiseacha an bhaile, agus sult a bhaint as ceol agus damhsa traidisiúnta na hÉireann in **Ionad Ceoil Glór.**

***Táillí***

| | |
|---|---|
| Duine Fásta | €30 |
| O.A.P. | €25 |
| Leanaí (*Faoi 14*) | €14 |
| Teaghlach<br>*Beirt Daoine Fásta & Beirt Leanaí* | €75 |

*Ticéid ar líne/*
*Íoc ar an gCóiste*

Cóistí nua-aimseartha a/c

**Ag imeacht ó Oifig Thurasóireachta Luimneach ar 9.30 a.m.**
**Ag filleadh ar 6.30 p.m.**

*Moltar áirithintí a dhéanamh roimh ré*

*(a)* Bain úsáid as an eolas thuas agus críochnaigh iad seo a leanas. (16 mharc)

Ag imeacht ó ______________________ Am imeachta ______________

Am fillte ______________ Athraigh an t-am seo go dtí an clog 24 uair ________

Costas ticéid do dhuine fásta _________ Costas ticéid do theaghlach __________

Mínigh cad is brí leis an téarma a/c ______________________________

______________________________________________________________

Mínigh cén fáth a moltar áirithintí a dhéanamh roimh ré __________________

______________________________________________________________

Ainmnigh an **dá** phointe is tarraingtí, dar leat, ina mbeifear ag stopadh ar an turas cóiste seo. Tabhair cúis le **gach** rogha díobh.

Ainm an chéad phointe ina mbeifear ag stopadh. ______________________

Cúis leis an rogha ______________________________________________

______________________________________________________________

Ainm an dara pointe ina mbeifear ag stopadh. ________________________

Cúis leis an rogha ______________________________________________

______________________________________________________________

*(b)* Mínigh cén fáth a n-úsáideann comhlucht a dhéanann turais chóiste bileoga eolais go minic le fógraíocht a dhéanamh. (6 mharc)

___

___

___

___

*(c)* Ainmnigh **dhá** bhealach eile chun turais chóiste a fhógairt. (4 mharc)

1. ______________________ 2. ______________________

*(d)* Mol cúiseanna a bhfuil éileamh mór ar thurais chóiste eagraithe. (16 mharc)

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

*(e)* Tabhair breac-chuntas ar roinnt seirbhísí breise a d'fhéadfadh daoine a eagraíonn turais chóiste a chur ar fáil chun ócáid níos fearr a chur ar fáil do na turasóirí. (8 marc)

___

___

___

___

___

# *Roinn 4–* Lónadóireacht le hAghaidh na hÉagsúlachta

**(Tabhair faoi Cheist 7 nó faoi Cheist 8 sa roinn seo, tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

**7.** **Is féidir le réim shláintiúil bia agus stíl shláintiúil mhaireachtála baol galar Corónach croí a laghdú.**

*(a)* Liostaigh **trí** bhia ba chóir a laghdú agus **trí** bhia ba chóir a mhéadú i réim bia duine atá i mbaol galar Corónach croí a fháil. (12 mharc)

| Bianna le Laghdú | Bianna le Méadú |
|---|---|
| 1. | 1. |
| 2. | 2. |
| 3. | 3. |

*(b)* Mol roinnt treoirlínte le haghaidh stíl mhaireachtála ba chóir a leanúint chun baol galar Corónach croí a laghdú. (12 mharc)

*(c)* Leag amach biachlár do dhinnéar **trí** chúrsa a bheadh oiriúnach do dhuine atá i mbaol galar Corónach croí a fháil. (16 mharc)

Biachlár Dinnéir

*(d)* Déan measúnú ar luach cothaitheach an bhiachláir dhinnéir atá pleanáilte agat. (6 mharc)

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

*(e)* Ainmnigh an tsubstaint a bhailíonn sna hartairí corónacha is cúis le galar corónach croí. (4 mharc)

_______________________________________________

**8. Iarradh ar do rang *Féile Bia Idirnáisiúnta* a eagrú, ina mbeadh miasa ó na ceithre thír seo a leanas, Éire, an Iodáil, an tSín agus an India.**

*(a)* Ainmnigh **dhá** mhias a d'fhéadfaí a riar ó **gach** ceann de na tíortha ainmnithe. (16 mharc)

| **Tír** | **Mias 1.** | **Mias 2.** |
|---|---|---|
| Éire | | |
| An Iodáil | | |
| An tSín | | |
| An India | | |

*(b)* Tabhair breac-chuntas ar na rudaí ba chóir a chur san áireamh agus na miasa á roghnú agus á riar agat. (12 mharc)

*(c)* Déan cur síos ar mhodhanna chun béim a leagan ar an téama idirnáisiúnta. (9 marc)

*(d)* Liostaigh an trealamh agus na huirlisí atá ag teastáil chun an bia a chur i láthair ag an ócáid. (4 mharc)

1. ______________________ 2. ______________________

3. ______________________ 4. ______________________

*(e)* Mínigh conas a d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an ócáid bia. (9 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Ceist** | **Marc** | **Marc Leasaithe** |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |
| 7 | | |
| 8 | | |
| ***Iomlán*** | | |